# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

# DUBLIN CITY COUNCIL

# FODHLÍTHE RIALAITHE AONACH CAPALL MHARGADH NA FEIRME 2013

**I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dóibh leis an Acht Corrthrádála, 1995 agus leis na Cumhachtaí Reachtúla cumasúcháin eile go léir, déanann Ard-Mhéara agus comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo feasta) leis seo na Fo-Dhlíthe seo a leanas chun Aonach Capall Mhargadh na Feirme a sheoladh, a bhainistiú agus a rialáil.**

## Cuid a hAon

**Sainmhínithe:**

Leis na Fo-Dhlíthe seo beidh an bhrí seo a leanas ag na focail agus ag na habairtí seo a leanas, chun críche na bhFo-Dhlíthe seo:-

ciallaíonn **" an Chomhairle"** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn **"an tAonach"** an tAonach Capall ag Margadh na Feirme;

áirítear le **"díol"** comhaontú nó tairiscint a dhéanamh rud a dhíol, nó rud a thaispeáint lena dhíol nó fáiltiú roimh thairiscint chun rud a cheannach;

ciallaíonn **"Ceadúnas Corrthrádála"** Ceadúnas arna dheonú faoi Alt 4 den Acht um Chorrthrádáil 1995;

ciallaíonn **"Oifigeach Údaraithe"** duine arna cheapadh ag an gComhairle faoi Alt 10 den Acht Corrthrádála 1995;

ciallaíonn **"Capall"** beithíoch, capall, capaillín, asal, ráineach nó miúil;

folaíonn **"neamhoiriúnach"** easlán, galraithe, tinn, gortaithe agus spíonta;

**Cuid a Dó**

**Fo-Dhlíthe:**

Tugtar de chumhacht don Chomhairle le hAlt 8 den Acht Corrthrádála 1995 Aonach Capall Mhargadh na Feirme a sheoladh, a bhainistiú agus a rialáil agus chun na gcríoch sin déanann sí leis seo na Fodhlíthe seo a leanas de bhun Alt 199 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Is é cuspóir na bhFodhlíthe seo a chinntiú go reáchtálfar agus go mbainisteofar an tAonach go hordúil ag Margadh na Feirme, lena n-áirithe sábháilteacht gach duine a fhreastalaíonn air agus leas na n-ainmhithe.

1. Beidh an tAonach ar siúl ar an 1ú Domhnach i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair gach bliain ach amháin i gcás gur Domhnach roimh Luan Saoire Bainc an dáta sin, agus sa chás sin beidh an tAonach ar siúl ar an 2ú Domhnach den mhí sin.

2. Ní thosóidh an tAonach roimh 9.00 a.m. ar an dáta a bheidh sé ar siúl agus críochnóidh sé ar 1.30 p.m. ar an dáta sin.

3. Is ar na dátaí sonraithe chun capaill a dhíol amháin a bheidh an tAonach ar siúl. Féadfar trádáil imeachta ghaolmhar a cheadú i gcomhréir le Fodhlíthe Corrthrádála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2012.

4. Rachaidh duine a bhfuil capall aige/aici isteach san Aonach ag acomhal Shráid an Rí Thuaidh agus Shráid an Teampaill nó ar aon suíomh eile a ainmneoidh Oifigeach Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána ó am go ham.

5. Ní ceadmhach do dhuine a bhfuil capall aige/aici dul isteach san Aonach mura bhfuil a C(h)eadúnas Corrthrádála arna eisiúint ag an gComhairle ina s(h)eilbh aige/aici agus mura ndéanann sé/sí é a thaispeáint d'Oifigeach Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána ar é/í an ceadúnas a éileamh.

6. Duine ar mian leis/léi freastal ar an Aonach le capall, gheobhaidh sé/sí Ceadúnas Corrthrádála ón gComhairle sula bhfreastalóidh sé/sí air.

7. Éileofar le heisiúint Ceadúnais Corrthrádála iarratais chomhlánaithe go hiomlán a chur isteach 30 lá roimh an aonach. Cuirfidh duine an cháipéisíocht seo a leanas isteach ina dtabharfar an fhaisnéis agus an Táille Cheadúnais riachtanach;

    a. Foirm iarratais chomhlánaithe ar Cheadúnas Corrthrádála;
    b. Cruthúnas céannachta – Pas/Ceadúnas tiománaithe nó rogha oiriúnach eile;
    c. Uimhir PSP nó a choibhéis mhalartach;
    d. Táille Cheadúnais sonraithe i bhFodhlíthe um Chorrthrádáil Aonach Capall Mhargadh na Feirme 2013

8. Ar dhul isteach san Aonach do dhuine a mbeidh capall aige/aici tabharfaidh sé/sí an capall go díreach go dtí an limistéar a bheidh ainmnithe ag Oifigeach Údaraithe.

9. Fágfaidh duine le capall ag an Aonach an tAonach trí Shráid an Rí Thuaidh agus ansin Sráid an Teampaill nó aon láthair eile de réir mar a ainmneoidh Oifigeach Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána ó am go ham.

10. Ní ceadmhach do dhuine a bhfuil capall aige/aici capall a thabhairt ná a threorú ná cead a thabhairt do chapall dul ar strae thar aon cheann de na conairí coisithe atá leagtha amach san Aonach do choisithe.

11. Treoróidh duine a bhfuil capall aige/aici an capall thar na conairí a ainmníodh do chapaill isteach san Aonach nó amach aisti.

12. Bainfidh duine a bhfuil capall aige/aici an capall den Aonach faoi 2.00 p.m. an lá sin.

13. Le linn dó a bheith ag an Aonach coimeádfaidh duine capall faoi smacht éifeachtach agus ní mór don duine sin a bheith os cionn 16 bliana d’aois.

14. Ní bheidh duine i bhfeighil níos mó ná capall amháin ag aon am amháin agus é/í ar an Aonach.

15. Ní thabharfaidh duine madra isteach san Aonach ach amháin i gcás daoine atá ina gconaí i gcóngar nó i ngiorracht don aonach agus a fhéadfaidh a madra a thabhairt go dtí an t-aonach agus uaidh sin amach óna áit a bhfuil siad ina gcónaí tríd an aonach ach ní trí aon limistéar laistigh den aonach a bheidh ainmnithe ag Oifigeach Údaraithe chun capaill a dhíol.

16. Déanfaidh duine a dhíolann capall amhlaidh ón limistéar ainmnithe a leithdháilfidh Oifigeach Údaraithe air/uirthi ar theacht dó/di.

17. Ní ceadmhach do dhuine ligean do chapall sodar, gearrshodar ná rith ar cosa in airde a dhéanamh ar an Aonach.

18. Comhlíonfaidh duine a bheidh ag freastal ar an Aonach na treoracha dleathacha ó Oifigeach Údaraithe nó ó chomhalta den Gharda Síochána agus iad ag comhlíonadh a ndualgas mar a fhoráiltear sna Fo-Dhlíthe seo nó faoi aon reachtaíocht eile.

19. Beidh adhastar agus srian/rópa feistithe ar gach capall ag an Aonach ionas go rialófar iad i gcónaí.

20. Ní thabharfaidh duine capall neamhinniúil chun an Aonaigh.

21. Cinnteoidh duine a bhfuil capall aige/aici go gcuirfear soláthar dóthanach uisce/bia ar fáil don chapall chomh minic agus is gá chun cosc a chur air a bheith ag fulaingt de bharr tarta nó ocrais.

22. Beidh duine a sháróidh Fo-Dhlí ciontach i gcion;

23. Aon duine a fhaightear ciontach i gcion mar gheall ar Fho-Dhlí a shárú, dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 15 lá de mhí Feabhra 2013

**I LÁTHAIR** agus Séala Corparáideach **CHOMHAIRLE**

**CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH**

Á ghreamú ar:-

________________________

Bainisteoir na Cathrach

**Arna dhátú an lá de 2013**